2026/2472

30.10.2026

CINNEADH (AE) 2026/2472 ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Deireadh Fómhair 2026

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa nós imeachta i scríbhinn ag Rannpháirtithe sa Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil a bhaineann le Líne Choiteann lena maolaítear ar na rialacha préimhrátaí íosta i ndáil le tionscadal fuinnimh san Éigipt

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Maidir leis na treoirlínte a leagtar amach sa Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil ('an Socrú') a forbraíodh faoi chuimsiú na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), rinneadh iad a thrasuí agus dá bhrí sin, rinneadh ceangailteach ó thaobh an dlí san Aontas iad trí bhíthin Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

(2) I gcomhréir le Caibidil IV, Roinn 5 den Socrú, moladh Líne Choiteann ('an Líne Choiteann') lena maolaítear ar na rialacha maidir le préimhrátaí íosta a leagtar síos sa Socrú i ndáil leis an tionscadal 'Energy Valley' san Éigipt ('an tionscadal').

(3) Moladh an líne choiteann ós rud é go bhfuil athrú tagtha ar na dálaí le linn chur chun feidhme an tionscadail, a raibh méaduithe gan choinne ar chostais an tionscadail mar thoradh orthu agus a d'fhágfadh go mbeadh an tionscadal neamh-inmharthana gan tacaíocht iomaíoch ó ghníomhaireacht creidmheasa onnmhairiúcháin.

(4) Tá na Rannpháirtithe sa Socrú ('na Rannpháirtithe') le cinneadh a dhéanamh, i nós imeachta i scríbhinn, maidir leis an togra le haghaidh Líne Choiteann.

(5) Beidh éifeachtaí dlíthiúla ag an Líne Choiteann don Aontas, má chomhaontaítear í, agus beidh sí in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar rialacha an Aontais.

(6) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a bhunú maidir leis an Líne Choiteann atá beartaithe.

(7) Chun a áirithiú nach gcuirfear an tionscadal i mbaol, dá bhrí sin, ba cheart gurbh é seasamh an Aontais sa nós imeachta i scríbhinn ag na Rannpháirtithe, ar bhonn eisceachtúil, glacadh leis an líne choiteann atá beartaithe, ar choinníoll nach gcuirfear an préimhráta íosta níos buntáistí a cheadaítear faoin Líne Choiteann i bhfeidhm ach amháin maidir le honnmhairí ó na Rannpháirtithe agus maidir le costais áitiúla,

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le treoirlínte áirithe a chur i bhfeidhm i réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2001/76/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2001/77/CE ón gComhairle (IO L 326, 8.12.2011, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1233/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa nós imeachta i scríbhinn ag Rannpháirtithe ('na Rannpháirtithe') sa Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil ('an Socrú')a bhaineann le Líne Choiteann atá beartaithe ('an Líne Choiteann') lena maolaítear ar na rialacha préimhrátaí íosta a leagtar síos sa Socrú i ndáil leis an tionscadal 'Energy Valley' san Éigipt ('an tionscadal'), glacadh leis an Líne Choiteann sin ar bhonn eisceachtúil, ar choinníoll nach gcuirfear an préimhráta íosta is buntáistí a cheadaítear faoin Líne Choiteann i bhfeidhm ach amháin maidir le honnmhairí ó na Rannpháirtithe agus maidir le costais áitiúla.

I bhfianaise gur bunphrionsabal de chuid an tSocraithe é go mbeidh na préimhrátaí a ghearrann na Rannpháirtithe rioscabhunaithe, glacfar ar bhonn eisceachtúil leis an Líne Choiteann ar bhonn eisceachtúil chun a áirithiú nach gcuirfear an tionscadal i mbaol agus nach gcruthófar fasach léi.

Tugann an tAontas dá aire go gceapfar aon mhaolú eisceachtúil ar na rialacha maidir le préimhrátaí íosta a leagtar síos sa Socrú ar bhealach a áiritheoidh go ndéanfaidh na Rannpháirtithe na bearta maolaitheacha is gá chun aghaidh a thabhairt ar aon saincheisteanna a bhaineann leis an tslándáil eacnamaíoch, leis an gcibearshlándáil, le héagsúlú nó le spleáchas ar an slabhra soláthair.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE